Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0170

Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cirgise

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Meán Fómhair 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cirgise, den pháirt eile (10724/22 – C10-0057/2024 – 2022/0184(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (10724/22),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cirgise, den pháirt eile (10660/22),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 207 agus 209 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0057/2024),

– ag féachaint do rún neamhreachtach uaithi an 9 Meán Fómhair 2025[1] ar an dréachtchinneadh,

– ag féachaint do Riail 107(1) agus (4), agus do Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A10-0105/2025),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an

[1] Téacsanna arna nglacadh, P10_TA(2025)0171.

gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na Cirgise.